Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Meán Fómhair 2019**
**(OR. en)**

**11940/19**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0179 (COD)**

**TRANS 423**
**AVIATION 180**
**PREP-BXT 147**
**CODEC 1359**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Meán Fómhair 2019 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2019) 396 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/501 agus Rialachán (AE) 2019/502 a mhéid a bhaineann lena dtréimhsí cur i bhfeidhm |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2019) 396 final.

---

Faoi iamh: COM(2019) 396 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 4.9.2019
COM(2019) 396 final

2019/0179 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/501 agus Rialachán (AE) 2019/502 a mhéid a bhaineann lena dtréimhsí cur i bhfeidhm**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

An 29 Márta 2017, chuir an Ríocht Aontaithe isteach fógra á rá go raibh rún aici tarraingt siar as an Aontas de bhun Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Ciallaíonn sin, mura ndaingneofaí an Comhaontú um Tharraingt Siar[1], go scoirfeadh dlí príomhúil agus dlí tánaisteach an Aontais d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe ó dháta an tarraingt siar. As sin amach, bheadh an Ríocht Aontaithe ina tríú tír.

Tarraingt siar gan chomhaontú na Ríochta Aontaithe as an Aontas, dhéanfadh sí difear do sholáthar leanúnach seirbhísí iompair de bhóthar agus seirbhísí aeriompair idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, arae ní bheadh aon bhunús feasta i ndlí an Aontais leis na seirbhísí sin, ar tharraingt siar di. Bheadh de thoradh air sin go mbrisfeadh an nascacht agus go gcuirfí as go mór don iompar de bhóthar agus don aeriompar idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe.

Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 13 Samhain 2018 dar teideal '*Preparing for the withdrawal of the United Kingdom from the European Union on 30 March 2019: a Contingency Action Plan*' [Ullmhú le haghaidh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach an 30 Márta 2019: Plean Gníomhaíochta Teagmhasachta][2], leag an Coimisiún síos na prionsabail is bun leis na bearta teagmhasachta, ar a n-áirítear an prionsabal go mbeidh siad teoranta ó thaobh ama.

An 13 Nollaig 2018, d'iarr an Chomhairle Eorpach (Airteagal 50), arís, go gcuirfí dlús leis an obair ullmhachta ar gach leibhéal i dtaca le hiarmhairtí tharraingt siar na Ríochta Aontaithe agus ag cur san áireamh na dtorthaí uile is féidir a bheith uirthi.

Dá réir sin, an 19 Nollaig 2018 ghlac an Coimisiún Eorpach tograí le haghaidh líon áirithe de bhearta teagmhasachta chun nascacht bhunúsach a áirithiú idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, ar a n-áirítear tograí le haghaidh rialacháin lena n-áirithítear nascacht bhunúsach an iompair de bhóthar[3] agus nascacht bhunúsach an aeriompair[4]. I bhfianaise tharraingt siar na Ríochta Aontaithe an 30 Márta 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, an 25 Márta 2019, Rialachán (AE) 2019/501 lena n-áirithítear nascacht bhunúsach an iompair de bhóthar[5] (dá ngairtear 'Rialachán (AE) 2019/501' anseo feasta) agus Rialachán (AE) 2019/502 lena n-áirithítear nascacht bhunúsach an aeriompair[6] (dá ngairtear 'Rialachán (AE) 2019/502' anseo feasta).

---

1 Comhaontú maidir le tarraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, IO C 144I, 25.4.2019, lch. 1.

2 COM(2018)880 final, 13.11.2018.

3 COM(2018)895 final, 19.12.2018.

4 COM(2018)893 final, 19.12.2018.

5 Rialachán (AE) 2019/501 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Márta 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna lena n-áirithítear nascacht bhunúsach an iompair lasta de bhóthar agus an iompair paisinéirí de bhóthar i dtaca le tarraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas, IO L 85I, 27.3.2019, lch. 39.

6 Rialachán (AE) 2019/502 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Márta 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna lena n-áirithítear aernascacht bhunúsach i dtaca le tarraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas, IO L 85I, 27.3.2019, p. 49.

I gcomhréir leis na prionsabail is bun leis na bearta teagmhasachta, tá an dá rialachán teoranta i dtaca lena raon feidhme agus tá siad ceaptha feidhm a bheith acu ar feadh tréimhsí teoranta. I bhfianaise dháta bunaidh an tarraingt siar agus, thairis sin, i bhfianaise socruithe, maidir le nascacht bhunúsach, is féidir a bheith ann a bhuí le córas cuótaí iltaobhach Chomhdháil Eorpach na nAirí Iompair (CEAI), beidh feidhm ag Rialachán (AE) 2019/501 go dtí an 31 Nollaig 2019. Agus sainiúlachtaí séasúracha na hearnála eitlíochta á gcur san áireamh agus chun éascaíocht a dhéanamh do sholáthar seirbhísí aeriompair, rinneadh tréimhse cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/502 a ailíniú le deireadh shéasúr geimhridh IATA 2019/2020.

Glacadh Rialachán (AE) 2019/501 agus Rialachán (AE) 2019/502 tamall gairid tar éis fadú gairid – an chéad cheann – go dtí an 12 Aibreán 2019, a chur leis an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 50(3) CAE. Ar ghlacadh na ngníomhartha sin, de bhun iarratas a rinne an Ríocht Aontaithe, chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach (Airteagal 50) an 11 Aibreán 2019[7] an tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 50(3) CAE a fhadú a thuilleadh, go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2019.

Mura ndaingneoidh an Ríocht Aontaithe an Comhaontú um Tharraingt Siar faoin 31 Deireadh Fómhair 2019 nó mura n-iarrfaidh sí an tríú fadú, agus an Chomhairle Eorpach (Airteagal 50) aontú d'aontoil leis an bhfadú sin, tiocfaidh an tréimhse faoi Airteagal 50(3) CAE chun críche an uair sin. As sin amach, ón 1 Samhain 2019, beidh an Ríocht Aontaithe ina tríú tír gan aon chomhaontú lena n-áiritheofaí tarraingt siar rianúil.

Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2019 dar teideal '*State of play of preparations of contingency measures for the withdrawal of the United Kingdom from the European Union*' [An dul chun cinn atá déanta chun bearta teagmhasachta a ullmhú le haghaidh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach][8], ba é conclúid an Choimisiúin go raibh na bearta ullmhachta agus teagmhasachta uile ar leibhéal an Aontais fós oiriúnach don chuspóir. Mar sin féin, is follas go n-imreoidh an fadú seacht mí, go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2019, ar thréimhse Airteagal 50(3) CAE tionchar ar bhearta teagmhasachta áirithe a glacadh cheana. Déanann sé sin difear, go háirithe, do bhearta teagmhasachta – do Rialacháin (AE) 2019/501 agus (AE) 2019/502, mar shampla – lena ngabhann dáta socraithe ar a scoirfidh siad d'fheidhm a bheith acu. I dTeachtaireacht an 12 Meitheamh 2019, gheall an Coimisiún, an tráth sin féin, a mheas an gá coigeartú teicniúil a dhéanamh ar na gníomhartha sin chun amlíne nua tharraingt siar na Ríochta Aontaithe a chur san áireamh.

Go háirithe i gcás Rialachán (AE) 2019/501, dá gcoinnítí an dáta bunaidh, is é sin tréimhse cur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2019, sa chás go dtarraingeodh an Ríocht Aontaithe siar gan chomhaontú, an 1 Samhain 2019, chuirfeadh sin teorainn leis an tréimhse cur i bhfeidhm ionas nach mbeadh inti ach dhá mhí, rud a d'fhágfadh go dteipfeadh air an cuspóir a ghnóthú a bhí sé ceaptha a ghnóthú, a mhéid a bhaineann lena thréimhse cur i bhfeidhm.

Ar an gcaoi chéanna, dá scoireadh Rialachán (AE) 2019/502 d'fheidhm a bheith aige an 30 Márta 2020, de réir mar atá socraithe faoi láthair, bheadh a thréimhse cur i bhfeidhm ní ba ghiorra ná leath na tréimhse a bhí ceaptha i dtús báire. Ghiorródh sé sin go mór an tréimhse a bhféadfadh iompróirí de chuid na Ríochta Aontaithe eitiltí a chur isteach chun an Aontais.

Is gá a áirithiú go ngnóthófar go hiomlán, leis na rialacháin teagmhasachta atá glactha cheana, na cuspóirí mar a sainíodh iad i dtús báire, a mhéid atá ceangal idir iad agus a dtréimhsí cur i

7 Cinneadh (AE) 2019/584 ón gComhairle Eorpach, IO L 101, 11.4.2019, lch. 1.
8 COM(2019)276 final, 12.6.2019.

bhfeidhm, d'ainneoin chur ar atráth dháta tharraingt siar na Ríochta Aontaithe. Dá thoradh sin, tá d'aidhm leis an togra seo fadú seacht mí a chur le tréimhse bhailíochta Rialachán (AE) 2019/501 agus Rialachán (AE) 2019/502, i gcomhréir le fad an fhadaithe ar thréimhse Airteagal 50(3) CAE. Tá an fadú seo i gcomhréir leis na prionsabail is bun le bearta teagmhasachta, go háirithe an prionsabal gur cheart teorainn dhocht ama a bheith le bearta teagmhasachta.

Dá réir sin, moltar leis an togra seo go scoirfeadh Rialachán (AE) 2019/501 d'fheidhm a bheith aige an 31 Iúil 2020, seachas an 31 Nollaig 2019. Thairis sin, chun a áirithiú go mbeidh an rogha dá bhforáiltear faoi Airteagal 2(3)(d) de Rialachán (AE) 2019/501 ar fáil ar feadh tréimhse úsáideach, san ord méide a bhí ceaptha i dtús báire, is sé mhí ó dháta teacht i bhfeidhm an Rialacháin sin ba cheart a shainiú mar thréimhse a bhféadfar seirbhísí cabatáiste paisinéirí de bhóthar a dhéanamh sa réigiún teorann in Éirinn. Ba cheart an riail sin a chur in ionad na tagartha atá ann faoi láthair do dháta deiridh, eadhon an 30 Meán Fómhair 2019. An tréimhse a thugtar don Choimisiún chun cumhachtaí tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 11(1) den Rialachán a fheidhmiú, ba cheart í a choigeartú de réir an dáta nua a scoirfidh an Rialachán d'fheidhm a bheith aige. Na tréimhsí a leagtar síos in Airteagal 2(2)(b) den Rialachán, ba cheart iad a fhágáil gan athrú.

A mhéid a bhaineann le Rialachán (AE) 2019/502 agus i gcomhréir le téarmaí an togra seo, scoirfidh an Rialachán d'fheidhm a bheith aige an 24 Deireadh Fómhair 2020 ar a dhéanaí, is é sin dáta deiridh shéasúr samhraidh IATA 2020. Dá bhrí sin, bheadh dhá mhí dhéag fós sa tréimhse cur i bhfeidhm, mar a bhí beartaithe i dtús báire.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is é rud atá sa togra seo leasú teoranta ar fhorálacha áirithe a bhaineann le tréimhse cur i bhfeidhm dhá rialachán, atá ann cheana féin, a sheasann do *lex specialis* agus a thugann aghaidh ar roinnt de na hiarmhairtí a bheidh ann mar gheall ar gan feidhm a bheith ag dlí an Aontais maidir leis an Ríocht Aontaithe a thuilleadh. Fágtar forálacha substaintiúla na ngníomhartha leasaithe gan aon difear a dhéanamh dóibh agus leanfaidh siad d'fheidhm a bheith acu. Ar an gcaoi sin tá an togra seo i lán-chomhréir leis an reachtaíocht atá ann cheana.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra ina chuid de bhearta teagmhasachta an Aontais i gcomhair tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas gan comhaontú um tharraingt siar, agus tá sé lánailínithe leis na bearta sin.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Ós rud é gurb iad Airteagal 91(1) agus Airteagal 100(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), faoi seach, is bunús dlí leis an dá Rialachán atá le leasú, ba cheart an céanna a úsáid i gcás an Rialacháin leasaithigh seo.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Ós rud é go leasaítear, leis an togra, forálacha de dhlí an Aontais atá ann cheana, ní féidir cuspóirí an togra a ghnóthú ach amháin trí ghníomh ar leibhéal an Aontais.

- **Comhréireacht**

Meastar gur comhréireach an togra atá beartaithe ós rud é nach dtéann sé thar a bhfuil riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar thionchar fhadú thréimhse Airteagal 50(3) CAE le haghaidh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas ar na rialacháin teagmhasachta atá ann cheana maidir le nascacht de bhóthar agus aernascacht. Ní dhéantar aon athruithe níos leithne ann nach mbaineann le fadú na tréimhse a leagtar síos in Airteagal 50(3) CAE.

- **An rogha ionstraime**

Ós rud é go ndírítear leis an togra ar dhá rialachán atá ann cheana a leasú, is é an rialachán, dá réir sin, an rogha ionstraime. Ós beag an líon athruithe atá beartaithe, ní gá an dá rialachán a athmhúnlú.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann seo le hábhar, mar gheall ar raon feidhme teoranta an rialacháin atá beartaithe agus mar gheall ar aonaracht agus eisceachtúlacht na himthoisce a thug go raibh riachtanas leis an togra seo, imthoisc a d'éirigh tamall gairid tar éis ghlacadh an dá ghníomh i gceist.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ní bhaineann seo le hábhar, mar gheall ar raon feidhme teoranta an rialacháin agus mar gheall ar aonaracht agus eisceachtúlacht na himthoisce a thug go raibh riachtanas leis an togra seo. Mar a mhínítear thuas, is é a bhfuil d'aidhm leis an togra seo an cur chuige ar baineadh feidhm as i gcás an dá ghníomh i gceist, i leith tréimhsí éagsúla, a úsáid freisin sa chor nua tar éis fhadú na tréimhse a leagtar síos in Airteagal 50(3) CAE.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Rinneadh anailís dhlíthiúil agus theicniúil intí ar an togra seo chun a áirithiú go sroichfear cuspóirí an togra leis na bearta a bheartaítear ann, ach tá sé srianta san am céanna don mhéid a bhfuil fíorghá leis.

- **Measúnú tionchair**

Ní gá measúnú tionchair a dhéanamh, ós rud é gur cás eisceachtúil atá i gceist agus ó tá raon feidhme teoranta ag an togra. Mar a mhínítear thuas, is é a bhfuil d'aidhm leis an togra seo an cur chuige ar baineadh feidhm as i gcás an dá ghníomh i gceist, i leith tréimhsí éagsúla, a úsáid freisin sa chor nua tar éis fhadú na tréimhse a leagtar síos in Airteagal 50(3) CAE.

- **Cearta bunúsacha**

Níl aon tionchar ag an togra seo ar chur i bhfeidhm ná ar chosaint na gceart bunúsach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bhaineann seo le hábhar.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní bhaineann seo le hábhar, ó tá raon feidhme teoranta ag an togra atá beartaithe agus ós rud é gur de chineál gearrthéarmach é.

2019/0179 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/501 agus Rialachán (AE) 2019/502 a mhéid a bhaineann lena dtréimhsí cur i bhfeidhm**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 91(1) agus 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 29 Márta 2017, chuir Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ("an Ríocht Aontaithe") isteach fógra á rá go raibh rún aici tarraingt siar as an Aontas Eorpach de bhun Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Scoirfidh na Conarthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe ó dháta teacht i bhfeidhm comhaontaithe um tharraingt siar nó, ina éagmais sin, dhá bhliain tar éis an fhógra sin, ach amháin má chinneann an Chomhairle Eorpach d'aon toil, i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe, an tréimhse sin a fhadú.

(2) Chun ullmhú don fhéidearthacht go dtarraingeodh an Ríocht Aontaithe siar as an Aontas, gan chomhaontú, an 30 Márta 2019, glacadh Rialachán (AE) 2019/501 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] agus Rialachán (AE) 2019/502 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [4] an 25 Márta 2019 chun nascacht bhunúsach an iompair lasta de bhóthar agus an iompair paisinéirí de bhóthar a áirithiú idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe.

(3) Glacadh na gníomhartha sin tamall gairid tar éis fadú gairid – an chéad cheann – go dtí an 12 Aibreán 2019, a chur leis an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 50(3) CAE. Ar

1 IO C […], […], lch. […].

2 IO C […], […], lch. […].

3 Rialachán (AE) 2019/501 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Márta 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna lena n-áirithítear nascacht bhunúsach an iompair lasta de bhóthar agus an iompair paisinéirí de bhóthar i dtaca le tarraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas, IO L 85I, 27.3.2019, lch. 39.

4 Rialachán (AE) 2019/502 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Márta 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna lena n-áirithítear aernascacht bhunúsach i dtaca le tarraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas, IO L 85I, 27.3.2019, lch. 49.

fháil iarratais di ón Ríocht Aontaithe, chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach an 11 Aibreán 2019[5] go gcuirfí tuilleadh faid leis an tréimhse sin, eadhon go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2019. Mura ndaingneoidh an Ríocht Aontaithe an Comhaontú um Tharraingt Siar[6] faoin 31 Deireadh Fómhair 2019 nó mura n-iarrfaidh sí an tríú fadú, fadú nach foláir aontú d'aontoil na Comhairle Eorpaí a fháil leis, tiocfaidh an tréimhse faoi Airteagal 50(3) CAE chun críche an 31 Deireadh Fómhair 2019. As sin amach, ón 1 Samhain 2019 amach, beidh an Ríocht Aontaithe ina tríú tír.

(4) Is iad an 31 Nollaig 2019 agus an 30 Márta 2020, faoi seach, na dátaí a scoirfidh Rialachán (AE) 2019/501 agus Rialachán (AE) 2019/502 d'fheidhm a bheith acu. Chun aghaidh a thabhairt ar thionchar na hamlíne nua ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas, tar éis fadú eile, eadhon seacht mí, a chur le tréimhse Airteagal 50(3) CAE, ba cheart tréimhse cur i bhfeidhm na Rialachán sin a fhadú, ag cur san áireamh na mbunphrionsabal is bun le bearta teagmhasachta agus ag cur san áireamh na dtréimhsí cur i bhfeidhm a bhí ceaptha a bheith acu i dtús báire.

(5) I bhfianaise an fhadaithe seacht mí ar an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 50(3) CAE, ba cheart seacht mí, go dtí an 31 Iúil 2020, a chur le tréimhse cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/501. Ar an dóigh sin ba cheart an tréimhse cur i bhfeidhm naoi mí a bhí ceaptha a bheith ann i dtús báire a choinneáil, agus ba cheart a áirithiú, ó thaobh na tréimhse cur i bhfeidhm de, go ngnóthófar an aidhm atá leis, mar atá nascacht an iompair de bhóthar a choinneáil ar bun go sealadach ar tharraingt siar don Ríocht Aontaithe.

(6) Is gá a áirithiú go bhféadfar, go ceann na tréimhse céanna sé mhí sin a bhí ceaptha a bheith ann i dtús báire, paisinéirí a bhailiú agus a scaoileadh amach i réigiún teorann na hÉireann le linn seirbhísí idirnáisiúnta rialta agus seirbhísí idirnáisiúnta rialta speisialta idir Éire agus Tuaisceart Éireann. Dá bhrí sin, ba cheart tagairt do thréimhse sé mhí ó dháta cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/501 a chur in ionad na tagartha do dháta deiridh dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 2(3) den Rialachán sin.

(7) Chun leanúnachas a áirithiú i dtaca le bailiú agus scaoileadh amach paisinéirí i réigiún teorann na hÉireann le linn seirbhísí idirnáisiúnta rialta agus seirbhísí idirnáisiúnta rialta speisialta idir Éire agus Tuaisceart Éireann, ba cheart coigeartú a dhéanamh ar bhailíocht na n-údaruithe d'oibreoirí seirbhísí bus agus cóiste dá dtagraítear in Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2019/501 ionas go mbeidís de réir an dáta nua a scoirfidh an Rialachán sin d'fheidhm a bheith aige.

(8) An tréimhse a thugtar don Choimisiún chun na cumhachtaí tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2019/501 a fheidhmiú, ba cheart í a choigeartú de réir an dáta nua a scoirfidh an Rialachán sin d'fheidhm a bheith aige.

(9) I bhfianaise an fhadaithe seacht mí ar an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 50(3) CAE agus in éagmais aon oiriúnuithe, dá scoireadh Rialachán (AE) 2019/502 d'fheidhm a bheith aige an 30 Márta 2020 bheadh an tréimhse cur i bhfeidhm ní ba ghiorra ná leath na tréimhse a bhí ceaptha i dtús báire. Ghiorródh sé sin go mór an tréimhse a bhféadfadh iompróirí de chuid na Ríochta Aontaithe eitiltí a chur isteach chun an Aontais. Dá réir sin, chun dul de réir na tréimhse cur i bhfeidhm a bhí beartaithe i dtús báire, ba cheart tréimhse cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/502 a fhadú, a thuilleadh, seacht mí. Chun bheith ar comhthráth leis an lá deiridh de shéasúr

---

[5] Cinneadh (AE) 2019/584 ón gComhairle Eorpach, IO L 101, 11.4.2019, lch. 1.

[6] Comhaontú maidir le tarraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, IO C 144I, 25.4.2019, lch. 1.

samhraidh IATA 2020, ba cheart deireadh a theacht le feidhm Rialachán (AE) 2019/502 an 24 Deireadh Fómhair 2020 ar a dhéanaí.

(10) Agus an éiginnteacht faoi dháta cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/501 agus Rialachán (AE) 2019/502 á cur san áireamh agus chun a áirithiú go gcuirfear forálacha an Rialacháin seo i bhfeidhm go tráthúil i ngach cúinse, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/501**

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/501 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (3)(d):

"(d) bailiú agus scaoileadh amach paisinéirí i réigiún teorann na hÉireann le linn seirbhísí idirnáisiúnta rialta agus seirbhísí idirnáisiúnta rialta speisialta idir Éire agus Tuaisceart Éireann, ar feadh tréimhse sé mhí ó dháta cur i bhfeidhm an Rialacháin seo mar a leagtar amach sa dara fomhír d'Airteagal 12;";

(2) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Féadfar leanúint de na húdaruithe atá bailí fós faoi mhír 2 den Airteagal seo a úsáid fós chun na gcríoch a shainítear i mír 1 den Airteagal seo más rud é gur athnuadh iad faoi na téarmaí agus coinníollacha céanna, nó gur athraíodh iad ó thaobh stadanna, táillí nó sceidil, agus faoi réir rialacha agus nósanna imeachta Airteagal 6 go hAirteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 i gcomhair tréimhse bhailíochta nach rachaidh thar an 31 Iúil 2020.";

(3) in Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 7(2) agus Airteagal 8(2) a thabhairt don Choimisiún go dtí an 31 Iúil 2020.";

(4) in Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú mír:

"Scoirfidh an Rialachán seo d'fheidhm a bheith aige an 31 Iúil 2020.".

*Airteagal 2*

**Leasú ar Rialachán (AE) 2019/502**

In Airteagal 16(4) de Rialachán (CE) Uimh. 2019/502, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) an 24 Deireadh Fómhair 2020.".

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |